Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2021
(OR. en)

6385/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2010/0112(NLE)

AVIATION 40
RELEX 131
USA 4

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a leasú |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
an Phrótacail chun an Comhaontú maidir le hAeriompar
idir Stáit Aontaithe Mheiriceá
agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh 2010/465/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle[1], síníodh an Prótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, a síníodh an 25 agus 30 Aibreán 2007, a leasú ('an Prótacal'), an 24 Meitheamh 2010, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Dhaingnigh gach Ballstát an Prótacal, seachas Poblacht na Cróite. Tá Poblacht na Cróite le haontú don Phrótacal i gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais 2012.

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas.

(4) Ós rud é nach bhfuil Airteagal 5 de Chinneadh 2010/465/AE, maidir le soláthar faisnéise ag na Ballstáit, riachtanach a thuilleadh, ba cheart go scoirfeadh an tAirteagal sin d'fheidhm a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh 2010/465/AE ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an 24 Meitheamh 2010 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a leasú (IO L 223, 25.8.2010, lch. 1).

*Airteagal 1*

Formheastar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Prótacal chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, a síníodh an 25 agus 30 Aibreán 2007('an Prótacal'), a leasú[1].

*Airteagal 2*

Rachaidh Uachtarán na Comhairle ar aghaidh, thar ceann an Aontais, le nótaí taidhleoireachta a mhalartú dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Phrótacal.

*Airteagal 3*

Scoirfidh Airteagal 5 de Chinneadh 2010/465/AE d'fheidhm a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

---

[1] Foilsíodh téacs an Phrótacail in IO L 223, 25.8.2010, lch. 3 in éineacht leis an gcinneadh tráth a shínithe.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*